Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/959

21.5.2026

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 39/2026**

**an 6 Feabhra 2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/959]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/885 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na socruithe, na córais agus na nósanna imeachta chun drochúsáid mhargaidh a chosc, a bhrath agus a thuairisciú, na teimpléid atá le húsáid chun drochúsáid mhargaidh amhrasta a thuairisciú, agus na nósanna imeachta comhordúcháin idir na húdaráis inniúla chun drochúsáid mhargaidh a bhrath agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith i gcásanna drochúsáide margaidh trasteorann ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 31rzg (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2494 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'31rzh. **32025 R 0885**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/885 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na socruithe, na córais agus na nósanna imeachta chun drochúsáid mhargaidh a chosc, a bhrath agus a thuairisciú, na teimpléid atá le húsáid chun drochúsáid mhargaidh amhrasta a thuairisciú, agus na nósanna imeachta comhordúcháin idir na húdaráis inniúla chun drochúsáid mhargaidh a bhrath agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith i gcásanna drochúsáide margaidh trasteorann (IO L, 2025/885, 20.8.2025).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/885 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Feabhra 2026, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

([1]) IO L 2025/885, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/885/oj.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2026.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN